

Ba thús ré nua é toghchán 1918

Bhí méadú tagtha ar an líon vótálaithe in Éirinn, ó 700,000 in 1910 go beagnach 2 mhilliún. Bhí ceart vótála ag mná a bhí 30 bliain d'aois ar a laghad agus arbh úinéirí maoinne iad, ach bhí ceart vótála freisin ag fir nárbh úinéirí maoinne iad.

Níor éirigh le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, a raibh 74 shuíochán acu i dTeach na dTeachtaí, ach 6 shuíochán a bhuaigh. Bhuaigh Sinn Féin 73 shuíochán. Bheadh Sinn Féin ar an tríú páirtí is mó i dTeach na dTeachtaí, ach bhí sé geallta ag iarrthóirí an pháirtí nach nglacfaidís lena suíocháin in Westminster. Ina ionad sin, chuir siad an Chéad Dáil ar bun agus d'fhógair siad neamhspleáchas na hÉireann.

An lá céanna, maraíodh beirt chonstáblaí de chuid Chonstáblacht Ríoga na hÉireann i luíochán, rud a chuir tús leis an bhfeachtas míleata ar son an neamhspleáchais. Bhí sos cogaidh ann in 1921 agus ansin síníodh an Conradh Angla-Éireannach. Sa bhliain 1922, daingníodh an Conradh agus bunaíodh Saorstát Éireann.

Le Bunreacht Shaorstát Éireann, tugadh an ceart do shaoránaigh uile an stáit a raibh 21 bhliain d'aois slánaithe acu vótáil do Dháil Éireann agus a bheith ina dTeachtaí de Dháil Éireann. Bhain mná na hÉireann combhionannas vótála amach sé bliana roimh mhná na Breataine.

Tá méadú tagtha ar líon na mban a toghadh chun an Oireachtais de réir a chéile ach tá an líon sin fós i bhfad níos lú ná 50%. Sa bhliain 2012, ritheadh Acht lenar tugadh spreagadh do pháirtithe polaitiúla a chinntiú gur mhná iad 30% ar a laghad de na hiarrthóirí a d'ainmneoidís le haghaidh toghchán. In olltoghchán na bliana 2016, toghadh 35 bhean chun Dáil Éireann, méadú de 40% ar fhigiúr an toghcháin roimhe sin. Is mná iad anois 22% de chomhaltaí na Dála, an sciar is airde i stair an Stáit.

Cuirtear srian ar vóta parlaiminteach agus ní cheadaítear ach do "dhaoine fireanna" vóta a chaitheamh faoin <i>Great Reform Act</i>	1832	
Cuireann John Stuart Mill achainí faoi bhráid na Parlaiminte chun vótaí do mhná a iarraidh	1866	Síníonn 25 bhean Éireannacha an achainí chun na Parlaiminte
Méadú ar líon na dtoghthóirí leis an <i>Second Reform Act</i> ach fágfar na mná ar lár i gcónaí	1867	
	1872	Bunaítear Cumann Thuaisceart na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná i mBéal Feirste
	1876	Bunaítear Cumann Bhaile Átha Cliath um Cheart Vótála do Mhná
Méadú ar líon na dtoghthóirí leis an <i>Third Reform Act</i> ach fágfar na mná ar lár i gcónaí	1884	Baineann na chéad mhná céim amach in ollscoil Éireannach
	1898	Ceadaítear do mhná vóta a chaitheamh agus seasamh i dtoghcháin comhairle ceantair faoin <i>Local Government (Ireland) Act</i>
Bunaítear Aontas Sóisialta agus Polaitiúil na mBan – cuirtear tús le feachtas míleatach	1903	
Ceaptar Herbert Asquith ina Phríomh-Aire agus cuireann sé bac ar Bhillie maidir le ceart vótála do mhná	1908	Bunaítear Conradh na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná
Aoine Dhubh – gortaítear na céadta ban nuair a dhéanann póilíní ionsaí ar dhaoine atá ag máirseáil chun na Parlaiminte	1910	
Cúlghairtear cros Theach na dTiarnaí leis an <i>Parliament Act</i>	1911	
Leanann sufraigeidí ó Shasana Asquith ar a chuairt ar Bhaile Átha Cliath agus cuirtear i bpríosún iad mar gheall ar ghníomhartha foréigin	1912	Tugtar isteach an Home Rule Bill gan vótaí do mhná a chur san áireamh – cuirtear tús le feachtas míleatach
Tugtar isteach an <i>Prisoners (Temporary Discharge for Ill-health) Act</i> , ar a dtugtar an <i>Cat and Mouse Act</i> , chun dul i ngleic le mná atá ar stailc ocrais	1913	
Tosaíonn an Chéad Chogadh Domhanda	1914	Bunaítear Cumann na mBan
	1916	Luaítear mná na hÉireann go sonrach i bhForógra Phoblacht na hÉireann
Tugtar ceart vótála faoin <i>Representation of the People Act</i> do mhná atá 30 bliain d'aois ar a laghad agus arbh úinéirí maoinne iad Ceadaítear do mhná seasamh i dtoghchán leis an <i>Parliament (Qualification of Women) Act</i>	1918	Is í an Chuntaois de Markievicz an chéad bhean a thoghtar chun Teach na dTeachtaí riamh
	1922	Tugtar vóta Dála do gach saoránach ag a bhfuil 21 bhliain d'aois slánaithe "idir fireann agus buineann" le Bunreacht Shaorstát Éireann



Bhí 47 nduine de na teachtaí de chuid Shinn Féin a toghadh, an Chuntaois de Markievicz ina measc, i bpríosún tráth an toghcháin.

Faigh tuilleadh eolais i dtaobh mhná na hÉireann agus an vóta

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun

- foghlaim faoi na chéad chomhaltaí mná den Dáil agus den Seanad
- eolas a fháil faoi oidhreacht shufragóirí na hÉireann
- eolas a fháil faoi na himeachtaí comórtha arna réachtáil ag Tithe an Oireachtais

www.oireachtas.ie/votail100

Tithe an Oireachtais

Teach Laighean

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

D02 XR20

www.oireachtas.ie

Teil: +353 (0)1 6183000 nó 076 1001700

Twitter: @OireachtasNews



Déan teagmháil linn.



Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Íomhánna le caoinchead Choláiste Alexandra, Baile Átha Cliath. Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath An Hugh Lane. Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath. Roinn Grianghrafadóireachta Ard-Mhúsaem na hÉireann. Leabharlann Scoil Eacnamaíochta London. Músaem London. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Na Cartlanna Parlaiminteacha, Tithe na Parlaiminte, Londain.



Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

1918
2018

Vótáil 100
Mná san Oireachtas

100 bliain de “Vótaí do Mhná”

Ba sa bhliain 1918 a ceadaíodh do mhná na hÉireann le dlí den chéad uair vótáil agus seasamh i dtoghcháin pharlaiminte.



An Chuntaois de Markievicz



Ina theannta sin, ba í 1918 an bhliain ar toghadh bean chun Parlaimint na Breataine in Westminster den chéad uair.



Hanna Sheehy Skeffington



2018

#Vótáil100

I lár na 1800í, ba d'fhir amháin an saol poiblí

Ní bhítí ag súil go mbeadh mná uasaicmeacha ag obair. Bhí cosc ar mhná freastal ar an ollscoil. D'fhág sé sin gur coinníodh as na gairmeacha iad – an dlí agus an leigheas, mar shampla.

Tar éis do bhean pósadh, ba lena fear céile gach dá raibh ina seilbh aici. Ba é sin deireadh lena céannacht dhlíthiúil féin.


Fir ar fad, agus iad tofa ag fir, a bhí i bParlaimint na Breataine Móire agus na hÉireann. Tuigeadh do mhná nach bhféadfaidís an tslí a rabhthas ag caitheamh leo faoin dlí a athrú mura mbeadh vóta acu i dtoghcháin parlaiminte.

Nuair a cuireadh deireadh le Parlaimint na hÉireann sa bhliain 1800, aistríodh suíocháin Fheisirí na hÉireann go Teach na dTeachtaí sa Bhreatain.

Le linn an ama seo, bhí cuid mhaith fear ann nach raibh vóta acu ach oiread. Ba d'fhir a raibh méid áirithe maoinne acu an vóta. Cuireadh tús le gluaiseacht mhór a d'éiligh go mbeadh vóta ag gach fear, idir shaibhir agus dhaibhir.

Mar fhreagairt ar an ngluaiseacht sin, thairg an Rialtas dlí nua in 1866 maidir leis na daoine a mbeadh vóta acu. Shínigh 1,500 bean, 25 bhean Éireannacha ina measc, achainí inar iarradh go gcuirfí na mná san áireamh.

Tugadh an vóta don chuid is mó de na fir den lucht oibre a raibh cónaí orthu i mbailte leis an *Second Reform Act* in 1867, ach níor tugadh aon rud do na mná.



John Stuart Mill, Feisire Parlaiminte

Thosaigh mná ag bunú eagraíochtaí a rachadh i mbun feachtasaíochta chun an vóta a fháil

I mBaile Átha Cliath, bhunaigh Anna Haslam, in éineacht lena fear céile Thomas, Cumann Bhaile Átha Cliath um Cheart Vótála do Mhná. I mBéal Feirste, bhunaigh Isabella Tod Cumann Thuaisceart na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná. Bunaíodh a lán eagraíochtaí eile ar fud na hÉireann chun an ceart vótála a chur chun cinn.

Rinne sufragóirí feachtasaíocht chun go gcuirfí na mná san áireamh sa chéad sraith eile d'athchóirithe toghcháin. D'eagraigh siad cruinnithe poiblí agus cruinnithe príobháideacha, thug siad cuireadh do chainteoirí ó Shasana agus scríobh siad litreacha chuig polaiteoirí. Ach ritheadh an *Third Reform Act* in 1884 gan aon chearta vótála a thabhairt do mhná.



Baineann na chéad mhná céim amach in ollscoil Éireannach

Rinne mná feachtasaíocht freisin ar son feabhsuithe eile ar a gcearta, agus d'éirigh níos fearr leis na hiarrachtaí sin. Ó na 1870í ar aghaidh, bhí cead ag mná pósta úinéireacht a bheith acu ar mhaoin. Bhí cead ag mná a raibh méid áirithe maoinne acu páirt a ghlacadh sa rialtas áitiúil. Sa bhliain 1878, tugadh cead do chailíní scoile scrúduithe poiblí a dhéanamh. Thosaigh scoileanna leighis ag glacadh le mná agus, faoi na chéad deich mbliana den fhichiú haois, bhí cead ag mná freastal ar an ollscoil.



Thomas agus Anna Haslam

“Bhí mé riamh i gcoinne cearta vótála do mhná mar rud atá, i mo thuairimse, in aghaidh ord follasach an Nádúir.”

Beresford Hope, Feisire Parlaiminte, Teach na dTeachtaí, 12 Meitheamh 1884

Bhí an feachtas in Éirinn chun ceart vótála do mhná a bhaint amach casta toisc go raibh ceist mhór eile i réim i bpolaitíocht na hÉireann: An Rialtas Dúchais

Bhí na blianta fada caite ag polaiteoirí na hÉireann ag fechtasaíocht chun parlaimint a bhaint amach in Éirinn agus níor theastaigh uathu go mbainfeadh an feachtas maidir le ceart vótála do mhná aird den chuspóir sin.

Sa bhliain 1912, bhí an chuma ar an scéal go raibh Parlaimint Westminster réidh faoi dheireadh chun glacadh le bille Rialtais Dúchais. Rinne sufragóirí na hÉireann fechtasaíocht chun go gcuirfí ceart vótála do mhná san áireamh sa Bhille. Theip ar an bhfechtas, áfach, agus an Príomh-Aire, Herbert Asquith, agus ceannasaí Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, Seán Mac Réamoinn, go láidir ina aghaidh.



Mar fhreagairt air sin, d'iompaigh sufragóirí in Éirinn ar ghníomh míleatach: bhris siad fuinneoga i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus i bhfoirgnimh Rialtais eile i mBaile Átha Cliath. Scrios siad postas freisin trí leacht a dhoirteadh isteach i mboscaí poist. Ba iad na fechtasóirí míleatacha i Sasana, ar thug preas Shasana sufraigeidí mar leasainm orthu, a spreag na mná sin.

“Ní bhainfidh fir na hÉireann fuascailt amach go dtí go mbeidh mná na hÉireann saoi.”

Hanna Sheehy Skeffington, Bean na hÉireann, Samhain 1909

Faoi cheannasaíocht Emmeline Pankhurst, cuireadh sufraigeidí Shasana isteach ar chruinnithe polaitiúla, chaithidís clocha le hAirí Rialtais agus bhrisidís fuinneoga siopaí. Le linn an chéad dá bhliain eile, cuireadh 27 sufraigeidí i bpríosún in Éirinn mar gheall ar a gcuid gníomhartha achrannacha. A luaithe a cuireadh i bpríosún iad, d'éiligh siad pribhléidí príosúnaithe polaitiúla agus chuaigh cuid acu ar stailc ocrais.

Tháinig eachtraí achrannacha na 1910í salach ar gluaiseacht an chirt vótála

Sa bhliain 1914, thosaigh cogadh san Eoraip. Lean cuid de shufragóirí na hÉireann den fhechtasaíocht ar son an vóta, ach dhírigh cuid mhaith eile acu ar an gcomhar cogaidh. Ghlac mná Éireannacha eile páirt sa troid ar son neamhspleáchas na hÉireann. Bhí siad ag tnúth le bheith ina saoránaigh chomhionanna in Éirinn neamhspleách.

Nuair a shínigh ceannairí Éirí Amach 1916 Forógra Phoblacht na hÉireann, labhair siad le “fir agus mná” na hÉireann agus gheall siad go dtoghfaí rialtas náisiúnta na hÉireann feasta “le vótaí a cuid fear agus ban”.

San am céanna, sa Bhreatain, shocraigh an rialtas ar an gceist a réiteach tríd an vóta a thabhairt do mhná. I mí Feabhra 1918, tugadh an vóta, leis an *Representation of the People Act*, do mhná a bhí 30 bliain d'aois ar a laghad agus a raibh céim ollscoile acu nó a raibh méid áirithe maoinne acu. Tugadh an vóta do gach fear a bhí 21 bhliain d'aois ar a laghad (nó a bhí 19 mbliana d'aois, dá mba rud é go raibh siad i seirbhís mhíleata) leis an Acht céanna.

I mí na Samhna, ritheadh an *Parliament (Qualification of Women) Act* lenar tugadh cead do mhná a bheith ina bhFeisirí Parlaiminte.

I mí na Nollag, cuireadh olltoghchán ar bun sa Bhreatain agus in Éirinn. Sheas 17 mbean sa toghchán sin, beirt acu in Éirinn. Tugadh bean amháin, an Chuntaois de Markievicz, chun Teach na dTeachtaí. Níor ghlac sí lena suíochán in Westminster riamh, áfach. Ina ionad sin, chuaigh sí isteach leis na Feisirí Parlaiminte a thosaigh parlaimint réabhlóideach i mBaile Átha Cliath agus a d'fhógair neamhspleáchas na hÉireann.

